# Feidhmeannach Íocaíochtaí Iníoctha

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra ag clúdach Saoire Máithreachais d'Fheidhmeannach Íocaíochtaí Iníoctha (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)**

**An Ról:**
Beidh an té a cheapfar freagrach as:

- Maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar phróisis íocaíochta chun a chinntiú go gcomhlíontar polasaithe agus nósanna imeachta airgeadais an Údaráis.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar earráidí agus fadhbanna sa chóras, agus oibriú le rannóga eile chun iad a cheartú.
- Oibriú go dlúth leis an Rannóg Maoine agus le sealbhóirí buiséid maidir le saincheisteanna a bhaineann le horduithe ceannacháin, leithdháiltí costais agus réiteach fadhbanna a thagann chun cinn sula bhféadfar íocaíochtaí a phróiseáil.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chóras MS Dynamics agus ar shonraí airgeadais chun sláine agus cruinneas taifead airgeadais a chinntiú.
- Tacaíocht theicniúil agus oibríochtúil a chur ar fáil d'úsáideoirí inmheánacha maidir le próisis íocaíochta
- Tuarascálacha bainistíochta agus faisnéis feidhmíochta a ullmhú chun monatóireacht a dhéanamh ar phróiseáil íocaíochtaí agus ar chomhlíonadh rialuithe inmheánacha.
- Fiosrúcháin ó iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha a bhainistiú agus fianaise chuí a chur ar fáil chun tacú le próisis iniúchóireachta.
- Cinntiú go bhfuil billí agus sonraisc á n-íoc go pras. Tá sé dúshlánach ag an Údarás an líon ard íocaíochtaí a phróiseáil go pras faoi láthair.
- Athbhreithniú neamhspleách deiridh ar shonraisc agus an cead deiridh sula ndéantar íocaíocht, lena chinntiú go bhfuil an caiteachas bailí, cruinn agus i gcomhréir le rialuithe airgeadais na heagraíochta.

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíochtaí Acadúla ábhartha sa réimse airgeadais, gnó nó in ábhar gaolmhar,
- Ar a laghad dhá bhliain de thaithí fhairsing ag obair sa réimse airgeadas,
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Scileanna réiteach fadhbanna mar aon le leibhéal ard scileanna uimhearthachta agus anailíse,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta - MS 365.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin €60,029 - €76,546 ag dul leis an bpost. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/ Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. Dé hAoine, 11 Nollaig 2026.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*